Body of European Regulators
for Electronic Communications
BEREC
OFFICE

# Fógra

## chuig na hiarrthóirí ionchasacha i ndáil le poist mar ghníomhairí ar conradh ag an nGníomhaireacht Tacaíochta BEREC (Oifig BEREC)

Ba mhian le hOifig BEREC, ar Gníomhaireacht de chuid an Aontais Eorpaigh í atá lonnaithe i Ríge (an Laitvia), na hiarrthóirí ionchasacha go léir a chur ar an eolas faoina bhfuil beartaithe aici maidir le gníomhairí ar conradh a earcú in 2019 agus in 2020 sna feidhmghrúpaí (FG), próifílí agus CASTanna EPSO buana seo a leanas:

- **Bainistiú clár agus tionscadal, FG IV -** EPSO/CAST/P/4/2017
- **Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide, FG III -** EPSO/CAST/P/16/2017
- **Cumarsáid, FG III -** EPSO/CAST/P/10/2017
- **Airgeadas, FG III -** EPSO/CAST/P/1/2017
- **Airgeadas, FG II -** EPSO/CAST/P/5/2017
- **Rúnaithe/Cléirigh, FG II -** EPSO/CAST/P/6/2017

Moltar do na hiarrthóirí sin atá toilteanach bheith ag obair in Oifig BEREC in aon cheann de na próifílí atá liostaithe a chlárú don CAST EPSO faoi seach agus eolas a chur ar fáil maidir lena gcáilíochtaí, lena dtaithí ghairmiúil lena gcuid scileanna, agus go háirithe maidir leis an spreagadh atá acu bheith ag obair ag Oifig BEREC.

Féadfaidh iarrthóirí spéis a léiriú i roinnt próifílí agus feidhmghrúpaí.

Tá tuilleadh faisnéise faoi na dálaí oibre in Oifig BEREC ar fáil sa doiciméad “Agency for Support for BEREC - Working with us” atá ar fáil ag an nasc seo a leanas: https://berec.europa.eu/files/document_register_store/2019/1/Working_BEREC_Office_15_01_2019.pdf

Ríge, 19 Meitheamh 2019